



**LAW REFORM**  
COMMISSION/COIMISIÚN UM  
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

## **RÁITEAS STRAITÉISE**

**2012-2014**

<b>RÉAMRÁ</b> .....	<b>1</b>
<b>RÁITEAS MISIN</b> .....	<b>2</b>
<b>FORBHREATHNÚ AR AN GCOIMISIÚN</b> .....	<b>3</b>
<b>AN TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN</b> .....	<b>4</b>
<b>PRÍOMH-CHUSPÓIRÍ</b> .....	<b>6</b>
<b>PRÍOMH-CHUSPÓIR 1 - ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ</b> .....	<b>7</b>
Toradh .....	7
Táscairí Feidhmíochta .....	7
Straitéis .....	7
<b>PRÍOMH-CHUSPÓIR 2 - ROCHTAIN AR REACHTÁÍOCHT</b> .....	<b>9</b>
Toradh .....	9
Táscairí Feidhmíochta .....	9
Straitéis .....	9
<b>PRÍOMH-CHUSPÓIR 3 - RIARADH</b> .....	<b>11</b>
Toradh .....	11
Táscairí Feidhmíochta .....	11
Straitéis .....	11
<b>SOCRUITHE MONATÓIREACHTA</b> .....	<b>13</b>
<b>AGUISÍN</b> .....	<b>14</b>
Tionscadail atá san áireamh sa Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí .....	14
Faof ag an Rialtas ar an 12 Nollaig 2007 .....	14

---

RÉAMHRÁ

---

Thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, is cúis áthais dom ár Ráiteas Straitéise i gcomhair 2012-2014 a chur i láthair.

Saithníonn an Ráiteas seo luachanna agus cuspóirí an Choimisiúin agus na straitéisí a leanfaidh sé le cinntiú go gcomhlíonann sé a shainordú agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm a chuid feidhmeanna leis an gcuspoir go bhfuil dlíthe na hÉireann cuí do Stát nua-aimseartha agus go bhfuil siad inrochtana do chách.

Sna cúinsí reatha tá sé tábhachtach go háirithe a chinntiú go gcuireann an Coimisiún a fheidhmeanna i bhfeidhm ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costas ach an tseirbhís is fearr agus is féidir a thabhairt don phobal. Chuige seo, tá sé de thosaíocht ag an gCoimisiún a chinntiú go bhfuil a chuid próiseas ailínithe, comhthacúil agus go hiomlán comhtháite.

Cuirfidh an Coimisiún i gcrích go luath próiseas cuimsitheach comhairliúcháin atá ceaptha leis an gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a fhorbairt. Beidh an clár seo mar bhunús lena chuid oibre i rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo.

Tar éis an chomhairliúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún a mholtaí i gcomhair an Cheathrú Clár faoi bhráid an Ard-Aighne i gcomhair a tuairimí. Cuirfidh an Ard-Aighne dréacht-thuairisc faoi bhráid an Rialtais ansin i gcomhair a faofa, mar a éilítear ag Alt 4 den *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh i rith thréimhse na Straitéise seo ag féacháil lena sprioc a bhaint amach, is é sin rochtain phoiblí chuimsitheach a chur ar fáil ar dhlíthe an Stáit, (mar a leasaítear seachas mar a achtaítear).

Tá an Coimisiún muiníneach go gcinnteoidh an Straitéis a aithnítear sa Ráiteas seo go leanfaidh sé ar aghaidh ag cur seirbhís den scoth ar fáil don phobal agus don Stát tríd an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta agus saineolaíoch, trí mholtaí leanúnacha a dhéanamh i gcomhair athchóiriú dlí agus trí bheith ag obair leis an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách.

An Breitheamh Onórach John Quirke  
Uachtarán

---

**RÁITEAS MISIN**

---

An dlí a choinneáil faoi athbhreithniú, neamhspleách oibiachtúil agus saineolaíoch, le moltaí iarmhartacha maidir le hathchóiriú dlí agus leis an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách.

---

## FORBHREATHNÚ AR AN GCOIMISIÚN

---

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí arna bhunú ag *Acht Fán gCoimisiún Um Athchóiriú an Dlí 1975*. Tá cúig bhall ag an gCoimisiún - an tUachtarán, an Coimisinéir lánaimseartha agus trí Choimisinéir pháirtaimseartha.

Is é ár ról an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú, le moltaí maidir le hathchóiriú a dhéanamh, go háirithe trí achtú reachtaíochta a mholadh agus an dlí a nua-aoisiú, agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách lena trí rochtain ar líne a chur a fáil ar an reachtaíocht ina riocht retha – mar a leasaítear seachas mar a achtaítear.

Tugtar faoi ról an Choimisiúin go príomha faoi Chlár um Athchóiriú an Dlí. Tá an *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2009*, a d’ullmhaigh an Coimisiún tar éis comhairlúchán leitheadach, arna fhaomhadh ag Rialtas i mí na Nollag 2007 agus a leagadh roimh Thithe an Oireachtais, anois ar shéala a bheith críochnaithe. Tá an Coimisiún díreach tar éis an próiseas comhairliúcháin i gcomhair an Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a bheith mar bhunús lena chuid oibre sna trí bliana seo romhainn. Oibríonn an Coimisiún chomh maith ar nithe ar leith a thagraíonn an tArd-Aighne dó faoi Acht 1975. Ó cuireadh ar bun é, tá 180 doiciméad foilsithe ag an gCoimisiún ina bhfuil moltaí maidir le hathchóiriú dlí agus tá siad seo go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie). Rinneadh athchóiriú ar an reachtaíocht de thoradh an chuid is mó de na moltaí seo.

---

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

---

### Luachanna

Agus sin ag tabhairt faoinár ról, cuirimid béim ar leith ar roinnt bunluachanna:

***An neamhspleáchas agus an oibiachtúlacht; an feabhas i dtaighde; an tiomantas do chaidreamh éifeachtach, an comhphlé agus an comhairliúchán.***

### Caidreamh

Tá réimse caidreamh tábhachtach ag an gCoimisiún le daoine agus eagraíochtaí seachtracha.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht ar leith a bhaineann lena chaidreamh leis an Ard-Aighne agus le hOifig an Ard-Aighne. Faoi Alt 4(2) den *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, féadfaidh an tArd-Aighne a iarraidh go scrúdóidh agus go ndéanfaidh an Coimisiún taighde ar réimse áirithe den dlí. Nuair a thagann iarratais mar seo chun cinn, oiriúnóidh an Coimisiún a chlár oibre leis na acmhainní is gá lena oibligeáidí i leith an Ard-Aighne a chur i gcrích a chur san áireamh. Is ábhair mhór spéise don phobal iad na hábhair a chlúdaíonn tarchuir mar seo de ghnáth agus go minic éiríonn siad as tiomantais shainiúla sa Chlár Rialtais. Ar tharchuir le déanaí áiríodh an t-uchtú idirnáisiúnta, cur ar bun bunachar sonraí DNA agus eisiúint achomhairc ionchúisimh in éadan éigiontú. Feidhmíonn Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne mar oifigeach cuntasáíochta don Choimisiún.

Tá dualgais sannaithe chomh maith do Choiste Comhairleach, faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne maidir le hathchóiriú dlí, lena n-áirítear cuidiú leis an Ard-Aighne ar ghnéithe sainiúla den athchóiriú dlí agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí an Choimisiúin. Is é atá sa Choimisiún ionadaithe d'Oifig an Ard-Aighne, Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadais, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Comhairle an Bharra, agus an Dlí-Chumann.

Bíonn Roinn an Taoisigh i dteagmháil go rialta leis an gCoimisiún ar ábhair chomhspéise.

Tugann na breithiúna, dlíodóirí agus aturnaethe ag cleachtadh, ionadaithe Ranna, Eagraíochtaí Neamhrialtais agus eagrais agus gníomhaíochtaí reachtúla eile, saineolaithe i réimsí neamhdhlíthiúla ábhartha éagsúla, ionadaithe leasghrúpaí agus baill den phobal saineolas seachtrach agus comhoibríonn siad linn, rud atá ina bhuntáiste mór don Choimisiún.

Imríonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ról tábhachtach ag tacú le hobair an Choimisiúin, go ginearálta agus i bhfeidhmiú mholtaí athchóirithe dlí an Choimisiúin.

Chomh maith leis na caidrimh thuas, bíonn an Coimisiún páirteach i gcomhroinnt eolais agus i gcomhphlé maidir leis an gcleachtas is fearr le gníomhaireachtaí athchóirithe dlí eile, lena n-áirítear Coimisiún Dlí Thuaisceart Éireann.

### Acmhainní

Tá an Coimisiún tiomanta do na hacmhainní a fhaigheann sé a úsáid sa bhealach is éifeachtaí agus is féidir le cinntiú go gcuirtear a chuspóirí i gcrích. Go háirithe, ag an am seo ina bhfuil srianta ar acmhainní, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag iarraidh comhsheirbhísí a úsáid nuair is féidir. Leantar an cleachtas is fearr in acmhainní daonna agus bainistíocht airgeadais agus baintear leas as teicneolaíocht na faisnéise nuair is féidir leis an bhfeidhmíocht a fheabhsú agus seirbhís atá go leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar

fáil ag an gcostas is ísle. Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag gluaiseacht i dtreo an ríomhfhóisiú a úsáid níos mó leis an gcostas a bhaineann le tuarascálacha a chur amach a laghdú agus leis an lucht léitheoireachta is leithne a chinntiú dá fhoilseacháin.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le haschur ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus an ábharthacht leanúnach a bhaineann leis an dlí a choinneáil chun dáta, inrochtana agus beacht, go háirithe i dtimpeallacht inar gá d'acmhainní tearca díriú isteach ar réimsí is mó tairbhe do shaoránaithe.

Tá forbairt cultúr láidir feidhmíochta laistigh den eagraíocht tiomanta ag tiomantas pearsanta na gCoimisinéirí agus tá an Coimisiún tiomanta dó a chinntiú go bhfuil cultúr mar seo daingnithe i struchtúr na heagraíochta, tógtha ar uaspháirtíocht agus rannpháirtíocht baill foirne i gach réimse den oibriúchán.

### **Cionn na mBall Foirne agus a bhForbairt**

Is é an fhoireann príomhacmhainn an Choimisiúin. Is iad línte soiléire agus oscailte cumarsáide, sainmhíniú rólanna agus freagrachtaí, agus cur chuige bunaithe ar fhoireann comharthaí soirt chur chuige an Choimisiúin i leith rannpháirtíocht agus fhorbairt a fhoirne. Tá an Coimisiún tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil do gach ball foirne le forbairt go dtí a lánacmhainneacht trí oiliúint agus forbairt agus le feidhmíocht a fheabhsú tríd an gCóras Forbartha Feidhmíochta agus Bainistíochta (CFFB) do bhaill foirne den Státseirbhís agus trí chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta do bhaill foirne dlí.

### **Coimisinéirí**

Tá tá comhfhreagracht ar chomhaltaí an Choimisiúin as dul chun cinn an Choimisiúin a chur chun cinn trí cheannaireacht agus stiúirthóireacht a dhéanamh ar a chuid imeachtaí. Tugann siad treoir straitéiseach don Choimisiún agus déanann siad monatóireacht ar imeachtaí agus ar éifeachtacht a bhainistíochta.

Ainmnítear Coimisinéir Comhordaithe i gcomhair gach tionscadal athchóirithe dlí. Téann an Coimisinéir Comhordaithe i mbun oibre ag céim thaighde an tionscadail, ag forbairt agus ag ullmhú páipéar i gcomhair a mbreithnithe ag an gCoimisiún agus ag cinntiú dhul chun cinn an tionscadail.

---

**PRÍOMH-CHUSPÓIRÍ**

---

Tá trí phríomhchuspóir aitheanta bunaithe ar an anailís sa ráiteas seo agus léiríonn siad tiomantas an Choimisiúin do sheachadadh don tréimhse 2012-2014. Leagfar amach na gníomhaíochtaí atá riachtanach leis na cuspóirí seo a chur i gcrích i bplean gnó an Choimisiúin. Déantar achoimre ar schocruithe monatóireachta le cinntiú go bhfuil ár spriocanna á mbaint amach san alt deireanach den ráiteas straitéise seo.



---

## PRÍOMH-CHUSPÓIR 1

---

### ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Leis an dlí a athbhreithniú agus le taighde a dhéanamh d'fhonn dlí na hÉireann a fhorbairt, a shimpliú, a nua-aoisiú agus a chódú.

### Toradh

Corpas oibre saineolaíoch agus taighdithe go críochnúil ina bhfuil moltaí i gcomhair athchóiriú dlí, ar fáil le scrúdú agus le breithniú, a chuireann le forbairt dlíthe atá freagrúil do riachtanais reatha agus ionchasacha shochaí na hÉireann.

### Táscarí Feidhmíochta

1. Na tionscadail ábhartha atá fágtha sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí* agus iarratas reatha an Ard-Aighne.
2. Próiseas i gcomhair *Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí* a thionsnamh, a bhainistiú agus a chríochnú, lena n-áirítear an próiseas comhairliúcháin.
3. Forbairt i dtreo na tionscadail sa *Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí* a chríochnú agus, nuair atá sé ábhartha, iarratais ón Ard-Aighne réimsí dlí ar leith a scrúdú.

### Straitéis

1. Athbhreithniú ar ról, feidhm agus modheolaíocht an Choimisiúin, le haird ar na hacmhainní daonna agus airgeadais atá fágtha, leis an gcur chuige is dírithe agus is éifeachtaí agus is féidir a ghlacadh.
2. Acmhainní taighde a shannadh agus a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.
3. Páipéir a fhorbairt agus a thionsnamh agus téacsanna a dhréachtú i gcomhair a mbreithnithe ag an gCoimisiún.
4. Monatóireacht a dhéanamh ar inneachar taighde dlí (a chuimsíonn anailís ar an dlí reatha agus dlí ábhartha idirnáisiúnta comparáideach) agus an úsáid éifeachtach foinsí eolais dlí (lena n-áirítear foinsí ar líne).
5. Páipéir atá faofa ag an gCoimisiún a fhoilsiú i gcomhair comhairliúchán poiblí.
6. Tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin cúí agus críochnúil, agus athbhreithniú ar thorthaí.
7. Dréacht-théacs de Thuarascálacha a fhorbairt i gcomhair a mbreithnithe ag an gCoimisiún.
8. Tuarascála faofa ag an gCoimisiún a fhoilsiú le moltaí deireanacha i gcomhair athchóiriú dlí.
9. Monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an phróisis taighde dlí.
10. Rannpháiríocht ghníomhach ag an gCoimisinéir Comhordaithe i dtionscadail indibhidiúla mar a chinnfidh an Coimisiún.

11. Forbairt leanúnach caidreamh le heagrais athchóirithe dlí eile le tagairt ar leith d'anailís chomparáideach feidhme, polasaí agus modheolaíochta d'fhonn tuiscint níos fearr ar mhodh polasaí i ndlíní eile.

**NÓTA**

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Taighde as an bPríomhchuspóir seo a chur i gcrích.

---

## PRÍOMH-CHUSPÓIR 2

---

### **ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT**

Le reachtaíocht ina riocht reatha a dhéanamh inrochtana go héasca ar líne don phobal, mar a leasaítear seachas mar a achtaítear, agus faisnéis ghaolmhar a chur ar fáil.

### **Toradh**

Achtanna athbhreithnithe ó 2006 ar aghaidh agus cinn roghnaithe eile, agus innéacsanna inchoardaithe go leictreonach de leasuithe ar reachtaíocht agus faisnéis ghaolmhar eile le deimhniú riocht reatha na reachtaíochta leasaithe a dheimhniú, go léir nuashonraithe go tráthrialta. Cuimsíonn na hinnéacsanna an tEolaire Reachtaíochta príomha agus tánaistí agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta in Éirinn.

### **Táscairí Feidhmíochta**

1. An tEolaire Reachtaíochta, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus Achtanna Athbhreithnithe a fhoilsiú ar an eISB.
2. An tEolaire Reachtaíochta, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus Achtanna Athbhreithnithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.
3. An tEolaire Reachtaíochta, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus Achtanna Athbhreithnithe mar atá foilsithe ar eISB agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a choinneáil chun dáta.
4. An tEolaire Reachtaíochta, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus Achtanna Athbhreithnithe mar atá foilsithe ar eISB agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a bheith beacht go caighdeán comhaontaithe infhionntaithe.

### **Straitéis**

1. Scrúdú ar reachtaíocht achtaithe nó déanta, le gach foráil leasaithe a aithint.
2. Soláthar nuashonrúchán don Eolaire Reachtaíochta, ag cuimsiú liosta iomlán de gach leasú le deireanas, maille le heolas faoi thosú, reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar agus faisnéis eile, le foilsiú ar an eISB.
3. Soláthar nuashonrúchán don Liosta Aicmithe Reachtaíochta le foilsiú ar an eISB.
4. Soláthar comhdhlúthuithe riaracháin athbheithnithe, reatha ar reachtaíocht roghnaithe, mar a leasaítear seachas mar a achtaítear, le foilsiú ar an eISB.
5. Cur i bhfeidhm córas láidir agus éifeachtach le cruinneas ábhair a chuirtear ar fáil i gcomhair a fhoilsithe a fhionnadh agus a chinntiú.
6. Na hacmhainní is fearr atá ar fáil a úsáid i dteicneolaíocht na faisnéis le tacaíocht a thabhairt d'obair an tionscadail, lena n-áirítear feachtas a choinneáil ar fhorbairtí ábhartha i réimse TF.
7. Caidrimh a choinneáil le heagraíochtaí eile atá ag obair sa réimse le coinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí sa chleachtas is fearr sa réimse.
8. Caidrimh a choinneáil le Ranna Rialtais agus páirtithe leasmhara eile le leanúint ag feabhsú chaighdeán agus ábharthacht a gcuirimid amach.

9. Rannpháirtíocht leanúnach sa ghrúpa ríomh-Reachtaíochta agus soláthar ábhair le foilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

**NÓTA**

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Tionscadal as an bPríomhchuspóir seo a chur i gcrích.

---

## PRÍOMH-CHUSPÓIR 3

---

### **RIARACHÁN**

Seirbhísí riaracháin corparáideacha gnó éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla a sholáthar don Choimisiún le tacú leis agus é ag cur i gcrích a chuspóirí.

### **Toradh**

Timpeallacht shásúil oibre mar a dtacaíonn aonaid riaracháin le hobair dhlí an Choimisiúin trí sheirbhísí tacaíochta corparáideacha gnó den scoth a sholáthar, lena n-áirítear bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dlí agus chorparáideach, teicnolaíocht na faisnéise, agus seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

### **Táscairí Feidhmíochta**

1. An fhoireann, seirbhísí agus córais ag obair le chéile go héifeachtach le ráiteas straitéise an Choimisiúin a chur i gcrích.
2. Caiteachas laistigh de theorainneacha buiséid leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
3. Teorainneacha an Chreata Rialaithe Fostaíochta ar líon foirne a bhaint amach.

### **Straitéis**

1. Áiseanna cóiríochta oifige shásúil a choinneáil, socruithe a choinneáil faoi athbhreithniú.
2. Ardchaighdeán seirbhíse cléireachais agus tacaíochta dlí a sholáthar don Choimisiún.
3. Úsáid optamach acmhainní daonna a chinntiú tríd an gcleachtas is fearr i mbainistíocht nua-aimseartha acmhainní daonna a chur i bhfeidhm.
4. Bainistíocht den scoth ar fhaisnéis a chinntiú le cuidiú na dteicneolaíochtaí is fearr leabharlainne agus teicneolaíochtaí faisnéise dá bhfuil ar fáil.
5. Oibriúchán leanúnach agus éifeachtach chórais bhainistithe airgeadais an Choimisiúin a chinntiú.

6. Infreastruchtúr TF an Choimisiúin a choinneáil faoi athbhreithniú agus a chinntiú go leanann sé ar aghaidh ag soláthar bonn láidir eo sholáthar seirbhísí TF.
7. Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus tionscnaimh eile Rialtais a chur i bhfeidhm.

**NÓTA**

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Tionscadal as an bpríomhchuspóir seo a chur i gcrích.

---

## SOCRUITHE MONATÓIREACHTA

---

Beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm i rith shaolré an Ráitis Straitéise seo:

- Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht agus athbhreithniú córasach ar a dhul chun cinn i dtreo bhaint amach a Phríomhchuspóirí agus na dtorthaí agus na straitéisí gaolmhara. Tá príomhtháscairí feidhmíochta leagtha amach a mbeidh feidhmíocht an Choimisiúin measta dá réir tríd an tréimhse.
- Forbrófar pleananna gnó a leagfaidh amach clár bliantúil gníomhaíochtaí le straitéisí an Choimisiúin a chur i gcrích agus an méid a chuirfidh na foirne dlí agus taighde le baint amach na bPríomhchuspóirí.
- Leagfaidh na pleananna gnó seo go soiléir na gníomhaíochtaí ar leith a dhéantar i ngach réimse agus úsáidear iad mar bhonn le Prófílí Róil ball foirne ar leith atá ag obair sa réimse sin.
- Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as sainspriocanna plean ghnó maidir le Príomhchuspóirí aitheanta sna pleananna gnó ábhartha.
- Gach ráithe measfaidh an coiste bainistíochta (an Coimisinéir Iáinmeartha, an Ceannasaí Riaracháin agus Forbartha, an Stiúrthóir Taighde agus an Bainisteoir Tionscadal) dul chun cinn ar gach Príomhchuspóir i gcomhar leis an duine nó na daoine a bhfuil freagracht fhoriomlán orthu as an gcuspóir;
- Tuairisceoidh an grúpa seo ar dhul chun cinn go tráthrialta don Choimisiún ach cuirfidh sé faoina bhráid láithreach aon mhórfhadhb, bagairt nó deis a thagann chun cinn;
- Tarlóidh athbhreithniú ag deireadh gach bliana le haon athruithe is gá don bhliann dár gceann a bhreithniú, ag ligean don Choimisinéir, mar sin, freagairt go solúbtha d'athruithe sa timpeallacht oibriúcháin;
- Cuirfidh an Coimisiún amach Tuarascáil Bhliantúil gach bliain a thuairisceoidh ar dhul chun cinn i dtreo bhaint amach na bPríomhchuspóirí agus torthaí.
- Is é an Coimisiún a shocróidh aon athruithe ar an Ráiteas Straitéise i gcomhair blianta amach anseo.

---

**AGUISÍN**


---

*Tionscadail atá san áireamh sa Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí.*

*Faofa ag an Rialtas ar an 12 Nollaig 2007*

- A. An Córas Dlí agus Dlí Poiblí**
1. An Dlí a Bhaineann le Giúirithe
  2. Forfheidhmiú Fiachais agus Leasanna a Urrú a Mhaoin Phearsanta
  3. Barántais Bhinse agus Barántais Chuardaigh.
  4. Teorannú ar Chaingne
  5. Réiteach Comhroghnach Aighnis
  6. Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna
- B. Dlí na Fianaise**
7. Fianaise Dhoiciméadach, agus an Teicneolaíocht
  8. Clostrácht i gCásanna Sibhialta agus Coiriúla
  9. Réamhnochtdadh Cásanna Cosanta
  10. Fianaise Fhoiréinseach
  11. Fianaise Shaineolaithe
- C. An Dlí Coiriúil**
12. Dlí na gCionta Gnéasacha
  13. An tÍospartach agus an Córas Dlí Choiriúil
  14. Daoine Soghonta agus an Córas Dlí Choiriúil
  15. An Ceartas Aisiríoch
  16. Le haird ar bhunú Coiste Comhairleach um Chódú Dlí Choiriúil, scrúdú saincheisteanna ag éirí sa chuid ghinearálta den dlí coiriúil
  17. Dlí an Dúnbhásaithe
  18. Cosaintí sa Dlí Coiriúil
  19. Cionta Tosaigh
- D. Dlí Talún agus Maoine**
20. Tuilleadh Códú Reachtúil den Dlí Talún
  21. Dlí Iontaobhais agus na hAchtanna um Thalamh Lonnaithe
  22. Plean Oibre um Ríomhthíolacadh
- E. Dlí Teaghlaigh**
23. Gnéithe Dlí de Chaidrimh Theaghlaigh
  24. Foréigean Baile
  25. An Dlí um Neamhniú sa 21<sup>ú</sup> Céad
- F. Sainghrúpaí i Sochaí atá ag Athrú**
26. Leanáí agus an Dlí
  27. Aithint Inscne
  28. Ghnéithe Dlí de Bhail Nua agus Éiritheacha Shochaí na hÉireann (Nósanna Imeachta um Athaontú agus an tSaorántacht)
  29. Gnéithe Dlí de Chúramóirí
- G. Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Duine Aonair**
30. Gnéithe Dlí den Bhitheitic
  31. Gnéithe Dlí den Atáirgeadh Daonna Cuidithe



**32.** An Príobháideachas

**H.** Dlí Tráchtála agus an Dlí Oibleagáidí

**33.** Dírathú Conarthaí

**34.** Conarthaí Árachais

**35.** Damáistí sa Dlí Conarthaí agus Torta

**I.** An Dlí Idirnáisiúnta

**36.** Stádas an Dlí Idirnáisiúnta i nDlí Intíre na hÉireann

**37.** Gnéithe Dlí Sibhialta den Dlí um Dhaoine ar Iarraidh